EUROPEAN UNION

EU MISSIONS

ADAPTATION TO CLIMATE CHANGE



Facs

# Cairt

## Misean maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide

N.B. Déanfaidh Rúnaíocht an Mhisin meastóireacht ar thiomantas na réigiún agus na bpobal, amhail údaráis áitiúla, sna freagraí agus fianaise a sholáthraítear i Suirbhé de chuid an Aontais. Ar an mbonn sin, tabharfar cuireadh do réigiúin agus údaráis áitiúla an Chairt Mhisin a shíniú.

## Cén fáth a bheith rannpháirteach sa Mhisean?

Má chloítear leis an gCairt seo agus leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Misean Maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, tiocfaidh do réigiún chun bheith mar chuid de phobal cleachtais maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide, agus beidh deis acu líonrú agus eolas a roinnt le réigiúin agus pobail eile san Eoraip.

Spreagfaidh Fóram bliantúil an Mhisin malartuithe bríomhaire, comhroinnt taithí, déanfaidh sé an dul chun cinn comhchoiteann a mheas maidir le cuspóirí an Mhisin a bhaint amach, agus rannchuideoidh sé i ndáil lena ghníomhaíochtaí a threorú.

Tríd an gCairt a shíniú, beidh rochtain freisin agat ar na seirbhísí de chuid Ardán Cur Chun Feidhme an Mhisin a bheidh ag feidhmiú go luath in 2023. Áireofar orthu siúd na nithe seo a leanas:

- Cuidiú le rochtain a fháil ar eolas agus modhanna maidir le measúnuithe riosca aeráide;
- Rochtain ar shamplaí dea-chleachtais ó réigiúin eile agus ar fhaisnéis maidir leis na torthaí taighde is déanaí;
- Tacaíocht ó thaobh na samplaí agus na torthaí taighde sin a nascadh le pleananna áitiúla oiriúnaithe, treochláir nó conairí oiriúnaithe;
- Rochtain ar uirlisí, samplaí agus dea-chleachtais chun idirghníomhú agus dul i mbun teagmhála le saoránaigh;
- Comhairle maidir le foinsí féideartha de mhaoiniú poiblí agus príobháideach le haghaidh oiriúnaithe.

## Conas is féidir leat a bheith páirteach ann?

Is iad ionadaithe ó na réigiúin agus pobail, amhail údaráis áitiúla, a bheidh ina sínitheoirí den Chairt Mhisin.

Tá an chairt neamhcheangailteach. Mar sin féin, má shíníonn tú í dearbhaíonn tú dá réir go bhfuil tú toilteanach comhoibriú agus rúin a ailíniú le sínitheoirí eile chun acmhainní a shlógadh agus gníomhaíochtaí a fhorbairt i do réigiún chun na spriocanna oiriúnaithe a bhaint amach.

Féadfaidh eintitis eile, amhail institiúidí taighde, gnólachtaí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha, an Chairt a fhormhuiniú chun a gcuid tacaíochta don Mhisean a dhearbhú.

## Tuilleadh eolais

FACS

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le EU-CLIMATE-ADAPTATION-MISSION@ec.europa.eu.

## An Chairt Mhisin

**Táimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, i m'ionadaí thar ceann réigiúin nó údarás áitiúil ar gá dó oiriúnú don athrú aeráide.**

**Tá an t-údarás ar a ndéanaim ionadaíocht tiomanta dá dhícheall a dhéanamh i dtreo athléimneacht aeráide a bhaint amach faoi 2030.**

**Tá an t-údarás ar a ndéanaim ionadaíocht tiomanta do bhorradh a chur faoi iarrachtaí réigiúnacha agus áitiúla trí rannpháirteachas na saoránach sa phróiseas cinnteoireachta agus trí infheistíochtaí a spreagadh ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha.**

**Tá an t-údarás ar a ndéanaim ionadaíocht toilteanach tabhairt faoi roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas chun na dálaí a chruthú chun athléimneacht aeráide a bhaint amach agus chun tacú leis an Misean maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide:**

- An t-eolas is fearr atá ar fáil a úsáid chun measúnuithe riosca a dhéanamh inár réigiún agus cinnte a dhéanamh de go mbíonn fáil ag cách ar na torthaí;
- An t-eolas sin a úsáid chun tacú le saoránaigh, fiontraithe, eolaithe agus lucht ceaptha beartas chun gníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a dhearadh agus tabhairt fúthu;
- Conairí a dhearadh ar dá réir a mbeidh ár réigiúin aeráid-díonach faoi 2030;
- Saoránaigh a mhealladh chun a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht agus ligeann dóibh bheith rannpháirteach ó thaobh réitigh éagsúla oiriúnaithe a thástáil nó a mheasúnú;
- Acmhainní a shlógadh agus gníomhaíochtaí a fhorbairt inár réigiún chun na spriocanna oiriúnaithe a bhaint amach
- Tacú le léiriú agus cur chun feidhme na réiteach oiriúnaithe aeráide;
- Bheith rannpháirteach i malartuithe taithí agus gníomhaíochtaí comhoibrithe le réigiúin eile;
- An dul chun cinn comhchoiteann a mheas maidir le cuspóirí an Mhisin a bhaint amach, agus rannchuidiú i ndáil lena chúrsa a athrú agus a ghníomhaíochtaí a threorú.

Facs